

**Seirbhís Sláinte Ceirde do  
Mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanas Speisialta**

**Lámhleabhar**

**do na**

**Gnáthnósanna**

**Imeachta**

**Lámhleabhar do Bhoird Bhainistíochta /do  
Bhainisteoirí & do BOO**

**Meiteamh 2015**

## Clár

<b>Straitéis Sláinte Ceirde</b> .....	2
<b>An tSeirbhís Chúnamh d’Fhostaithe</b> .....	3
<b>Seirbhís Sláinte Ceirde</b> .....	3
<b>Measúnú ar Fholláine Sláinte Réamhfhostaíochta (Ceistneoir Sláinte Réamhfhostaíochta)</b> .....	3
<b>Neamhláithreacht Tinnis agus Folláine Sláinte chun Filleadh ar an Obair</b> .....	5
<b>Tinneas Criticiúil</b> .....	7
<b>Achomharc ar Thinneas Criticiúil</b> .....	9
<b>Scor Drochshláinte</b> .....	11
<b>Cinneadh faoin Scor Drochshláinte</b> .....	11
<b>Aguisín A</b> .....	12

## Sainmhínte

Don leabhrán seo beidh na míniúcháin seo tugtha ag na téarmaí a leanas ach amháin má léiríonn an comhthéacs a mhalairt.

**Fostóir** – a chiallaíonn Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) do ghairmscoileanna /coláistí pobail agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir maidir le bunscóileanna, iar-bhunscoileanna deonacha, pobail agus cuimsitheacha. Is féidir leis an mBord Oiliúna agus Oideachais nó an Bord Bainistíochta/Bainisteoir an fhreagracht do ghnóthaí atá clúdaithe san imlitir seo a dháileadh de réir mar is cuí.

**Fostaí/Fostaithe** – a chiallaíonn múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta

**An Roinn** – a chiallaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna

**Seirbhís Sláinte Ceirde (SSC)** – a chiallaíonn na soláthróirí ar chomhairle sláinte neamhspleách agus ar Shláinte Ceirde.

**Dochtúir Sláinte Ceirde (DSC)** – a chiallaíonn Dochtúir le cáilíochtaí iarchéime mar aon le taithí sa chleachtas ar shláinte cheirde.

**Comhairleoir Sláinte Ceirde (CSC)** – a chiallaíonn banaltra cláraithe le cáilíochtaí iarchéime mar aon le taithí sa chleachtas ar shláinte ceirde.

**An Córas Éileamh Ar Líne (CÉAL)** – a chiallaíonn an córas atá ag feidhmiú faoi láthair i mbunscóileanna, i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha chun neamhláithreacht a chlárú agus éilimh a ionchur d’íocaíocht mhúinteoirí ionaid agus do mhúinteoirí páirtaimseartha neamhrialta/chúntóirí riachtanas speisialta.

**Prótacal Tinnis Chriticiúil (PTC)** – a chiallaíonn an prótacal tinnis chriticiúil faoin Scéim do Shaoire Bhreiteachta sa tSeirbhís Phoiblí a lean Moltaí an Chúirt Oibreachais 20667.

## Straitéis Sláinte Ceirde

Cuireadh Straitéis Sláinte Ceirde ar fáil mar fhoinsé tacaíochta d’fhostaithe, chun a sláinte san ionad oibre a chur chun cinn, agus an fócas go príomha ar chosc seachas ar leigheas. Clúdaíonn an Straitéis Sláinte Ceirde na Seirbhísí Cúnamh d’Fhostaithe agus na Seirbhísí Sláinte Ceirde.

## An tSeirbhís Chúnamh d'Fhostaithe

Is é atá mar chuspóir ag an tSeirbhís Chúnamh d'Fhostaithe (SCF) ná fáil gan dua a sholáthar d'fhostaithe agus dá neasteaghlach ar chomhairleoireacht faoi rún agus cuidiú leo déileáil le tionchar ghnóthaí pearsanta agus ghnóthaí bainteach leis an obair. Tá fáil saor in aisce agus faoi rún ar an tseirbhís 24 uair an chloig, 365 lá sa bhliain d'fhostaithe atá ag feidhmiú i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

Tá na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

- Comhairleoireacht ar an bhFón
- Comhairleoireacht Aghaidh ar Aghaidh

Tá fáil ar chomhairleacht do ghnóthaí cosúil le sláinte, caidrimh, andúileachtaí, méala, strus, coimhlint, teagmhas criticiúil agus tráma.

Is é soláthróir reatha na seirbhíse seo ná Carecall Wellbeing

**Sonraí Teagmhála**  
Carecall Wellbeing  
84 Sráid na hOllscoile  
Béal Feirste  
BT7 1HE

Saorghlao: 1800 411 057

[www.carecallwellbeing.ie](http://www.carecallwellbeing.ie) nó [www.education.ie](http://www.education.ie) agus lean an nasc atá ar fáil

## Seirbhís Sláinte Ceirde

Tá freagrachtaí ar fhostóirí mhúinteoirí/CRS sláinte, sábháilteacht agus folláine mar aon le dul chun cinn oideachasúil daltaí a dheimhniú. Tá dualgas orthu freisin faoi Alt 8 den **Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005** “sábháilteacht, sláinte agus leas a f(h)ostaithe san ionad oibre a chinntiú, chomh fada agus atá praiticiúil”. Ionas gur féidir na dualgais bhainistíochta seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach, tá sé riachtanach go mbíonn fáil ag fhostóirí ar chomhairle gairmiúil ar shláinte ceirde maidir le hinniúlacht folláine. Tá an SSC ann chun comhairle sláinte a sholáthar d'fhostóirí faoi fhostaithe atá in bpoist a bhfuil maoiniú Oireachtais ar fáil dóibh.

Tá sé mar chuspóir ag an Lámhleabhar do na Gnáthnósanna Imeachta seo cuidiú le fhostóirí na seirbhísí ag an SSC a rochtain agus ba chomhair é a léamh in éineacht, mar a oireann, leis an Treoirleabhar ar Shláinte Ceirde do Bhoird Bhainistíochta/BOO agus leis an himlitreacha ar Neamhláithreacht Tinnis ag múinteoir/CRS.

Is é soláthróir reatha na seirbhíse seo ná Sláinte Ceirde Medmark

**Sonraí Teagmhála**  
Sláinte Ceirde Medmark  
28 Caladh Penrose  
Cé Penrose  
Corcaigh

Fón: 1890 235 711

[www.medmark4teachersna.ie](http://www.medmark4teachersna.ie) nó [www.education.ie](http://www.education.ie) agus lean an nasc atá ar fáil

## Measúnú ar Fholláine Sláinte Réamhfhostaíochta (Ceistneoir Sláinte Réamhfhostaíochta)

Déanfar gach \*iarrthóir a n-éiríonn leis/léi agus a bhíonn á cheapadh don chéad uair go post teagaisc/CRA in Éirinn nó aon fhostaithe a bhíonn ag filleadh ó thréimhse ceada

neamhláithreachta nó ó aon bhriseadh seirbhíse eile a bhíonn níos faide ná dhá bhliain iomlán scoile a scagthástáil le ceistneoir sláinte réamhfhostaíochta agus déanfar a bhfolláine a dheimhniú roimh don fhostaí tosú nó ath-thosú sa phost teagais/CRA.

Cur Chuige:

Treoraíonn an fostóir an t-iarrthóir ionchasach chuig [www.medmark4teachersna.ie](http://www.medmark4teachersna.ie) chun ceistneoir sláinte réamhfhostaíochta ar líne a chomhlánú agus a chur ar ais.

Má tharlaíonn nach mbíonn fáil ag an iarrthóir ionchasach ar an idirlín, is féidir an ceistneoir sláinte réamhfhostaíochta a lorg ón Soláthróir SSC. Nuair a bhíonn sé comhlánaithe caithfear é a chur ar ais sa phost chuig an seoladh a bhíonn ar fáil ar an bhfoirm.

Nuair a fhaightear é déanfaidh an SSC an ceistneoir sláinte réamhfhostaíochta a athbhreithniú. Cuirfidh sé seo tús leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- 1) Déanfaidh an SSC fógra a chur chuig an bhfostóir ag deimhniú folláine an iarrthóra do dhualgais *nó*
- 2) Rachaidh an SSC i dteagmháil leis an iarrthóir chun eolas sláinte a nochtadh a shoiléiriú. A luaithe agus a fhaightear soiléireacht shásúil déanfar fógra a chur chuig an bhfostóir maidir le folláine do dhualgais *nó*
- 3) Iarrfaidh an SSC ar an iarrthóir freastal ar scrúdú dochtúra réamhfhostaíochta. Beidh an cinneadh faoi iarradh ar iarrthóir freastal lánroghnach agus bunaithe ar an meastóireacht ar an gceistneoir sláinte réamhfhostaíochta. A luaithe agus a bhíonn an scrúdú dochtúra réamhfhostaíochta déanta, eiseoidh fógra maidir le hinniúlacht do dhualgais, nó a mhalairt, chuig an fostóir. Tarlaíonn anois is arís mar thoradh ar mheasúnaithe réamhfhostaíochta go n-aithníonn an SSC riachtanais réasúnta do sholáthairtí dóibh siúd le héagumas ar leith nó go ndeimhnítear folláine do dhualgais le roinnt srianta (má bhíonn sé sin praiticiúil) ar na dualgais a chuirtear i bhfeidhm.

\* Tabhair aird gur cóir don iarrthóir féin amháin a roghnaíodh don cheapachán an ceistneoir sláinte réamhfhostaíochta a chomhlíonadh.

## **Neamhláithreacht Tinnis agus Folláine Sláinte chun Filleadh ar an Obair**

Critéir ghinearálta don atreorú ar fhostaithe go dtí an SSC:

1 Atreoruithe neamh-lánroghnacha:

Caithfear aon mhúinteoir/chúntóir riachtanas speisialta ar shaoire breoiteachta le neamhláithreacht tinnis 4 sheachtain (28 lá), go leanúnach nó go carnach, i dtréimhse dhá mhí déag rollach a atreorú chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde.

2 Atreoruithe lánroghnacha: Fostaithe faoina bhfuil ábhair inní ag an bhfostóir maidir lena bhfolláine sláinte don obair. Seo a leanas roinnt samplaí de na hamanna nuair a d'fhéadfadh atreoraithe lánroghnacha tarlú:

- Neamhláithreachtaí gearrthéarmacha tinnis a tharlaíonn arís agus arís
- Inní a eascraíonn faoi dhualgais a chomhlíonadh i ngeall ar chúinsí sláinte
- Inní go bhféadfadh toscaí bainteach leis an obair a bheith ag cur as do shláinte fostaithe
- Fadhbanna bainteach le halcól nó le drugaí

### **Ról an Fhostóra**

Is féidir leis an bhfostóir comhairle a lorg ar an bhfón ón SSC

Ansin caithfidh an fostóir a dheimhniú go gcuirtear tús le hatreorú lánroghnach/neamh-lánroghnach, de réir mar a oireann

Caithfidh an fostóir an fostaí a chur ar an eolas faoi gcinneadh maidir le hatreorú agus cur síos a thabhairt ar an bhfáth go bhfuil an cinneadh sin á ghlacadh

Déanann an fostóir foirm atreoraithe ar líne a chomhlánú trí logáil isteach ar

[www.medmark4teachersna.ie](http://www.medmark4teachersna.ie)

Caithfear cóip den fhoirm atreoraithe a chur ar fáil don fhostaí mar aon le cóip de na

Ceisteanna Coitianta faoin Atreorú atá ar fáil in Aguisín A den lámhleabhar seo

Cuireann an fostóir in iúl don fhostaí go bhféadfadh go mbeadh comhrá idir an SSC agus an fostaí mar thoradh ar an atreorú. D'fhéadfadh gur ar an nguthán nó ar ríomhphost a tharlódh sé seo.

Má tharlaíonn nach gcloítear leis na critéir don atreorú ar fhostaithe chuig an SSC d'fhéadfaí an clúdach ionadaíochta a stopadh nó a shiarchoinneáil.

## **Ról an SSC**

Nuair a fhaightear atreorú déanfaidh an SSC an cás a triáiseáil nó a athbhreithniú mar seo

- Teagmháil a dhéanamh leis an bhfostaí chun a f(h)adhb shláinte agus a neamhláithreacht ón obair a phlé
- Measúnú Sláinte Ceirde tosaigh a chomhlánú.
- Socrú a dhéanamh, más cuí, maidir le coinne leis an DSC/CSC i gceann de na hionaid réigiúnacha. (Cuirfidh an SSC in iúl don fhostóir faoi am/dáta/ionad na coinne)
- Fáil amach cén fad is cosúil a bheidh sa neamhláithreacht agus aontú a fháil maidir le dáta don fhilleadh ar an obair. (Munar féidir dáta don fhilleadh a dheimhniú socróidh an SSC dáta don athbhreithniú ar an bhfostaí tar éis tréimhse a aontófar)
- A chur in iúl don fhostaí go ndéanfar tuairisc a chur chuig an bhfostóir in am tráth.
- Iarradh ar an bhfostóir ath-atreorú a dhéanamh muna dtarlaíonn an filleadh ar an obair mar a aontaíodh.

## Tinneas Criticiúil

D'fhéadfadh go gceadófaí ar iarratas, i gcásanna eisceachtúla, fadú saoire breoiteachta d'fhostaí a bhíonn ar éagumas mar thoradh ar thinneas criticiúil nó ar dhianghortú coirp mar atá clúdaithe i moladh na Cúirte Oibreachais (LCR 20667) faoi thinneas criticiúil. Seo a leanas cur síos ar an bpróiseas:

- Caithfidh an fostaí iarratas a chur i scríbhinn chuig a f(h)ostóir don rochtain ar na soláthairtí don tinneas criticiúil.
- Nuair a fhaightear an t-iarratas don tinneas criticiúil, caithfidh an fostóir tús a chur le hatreorú chuig an SSC trí logáil isteach ar [www.medmark4teachersna.ie](http://www.medmark4teachersna.ie) agus an fhoirm chuí a bhaineann le tinneas criticiúil a chomhlánú. Nuair a bhíonn an t-atreorú comhlánaithe, gheobhaidh an fostóir **Uimhir Atreorúcháin** uathúil don tinneas criticiúil a bheidh riachtanach nuair a bhíonn neamhláithreachtaí á gcur isteach ag fostóirí ar an gCÉAL.
- Caithfear cóip den atreorúchán a chur ar fáil don fhostaí.
- Caithfidh an fostaí tuairisc Dochtúir go Dochtúir a chur ar fáil don SSC ón lia comhairleach atá ag freastal air/uirthi. Caithfear an uimhir atreorúcháin uathúil don tinneas criticiúil a sholáthar leis an tuairisc Dochtúir go Dochtúir seo. Caithfidh sainréimse speisialtóireachta an lia a bheidh ag freastal ar an bhfostaí a bheith in oiriúint don tinneas criticiúil ar a bhfuil éileamh á dhéanamh ag an bhfostaí. Caithfidh an fhianaise liachta a chuirtear ar fáil a bheith iomlán cuimsitheach agus caithfidh na mionsonraí cliniciúla uile a bheith san áireamh. Caithfear diagnóis, cóir leighis agus prognóis a bheith san áireamh. Titeann na costais a bhaineann lena leithéid uile de thuiriscí a chur le chéile ar an bhfostaí.
- Nuair a fhaightear an t-atreorú maidir le tinneas criticiúil agus an tuairisc/na tuairiscí cuí Dochtúir go Dochtúir, cuirfidh an SSC in iúl don fostóir i dtuairisc má tá, ina dtuairim siúd, na critéir seo a leanas deimhnithe:
  - ✓ Níl folláine sláinte an fhostaí in oiriúint chun filleadh ar a c(h)uid dualgas mar atá nó ar dhualgais leasaithe (más praiticiúil)
  - ✓ Tá ceann de na tréithe seo a leanas mar bhunús leis an riocht sláinte seo:
    - Géarthinneas coirp atá bagrach don bheatha
    - Tinneas ainsealach forchéimnitheach, agus bunús láidir go bhféadfadh laghdú a bheith ar an bhfad saoil<sup>1</sup>
    - Mórthráma coirp ina mbíonn gá, mar ghnáthnós, le géarobráid mháinliachta
    - Cúraim ospidéil mar othar cónaitheach ar feadh dhá sheachtain i ndiaidh a chéile nó níos mó ná sin<sup>2</sup>
- Nuair a mholann an SSC go ndéantar na critéir a shásamh, cuirfear **Uimhir Mholta** uathúil ar fáil don fostóir. Beidh gá leis an uimhir seo freisin d'fhostóirí a mbeidh neamhláithreachtaí á chur isteach acu ar an gCÉAL.

<sup>1</sup> I gcúinsí nuair nach nach mbíonn aon idirghabháil leighis.

<sup>2</sup> I gcás tinneas toirchis (toircheas nádúrtha nó le cúnamh), beidh riachtanas dhá sheachtain i ndiaidh a chéile san ospidéal laghdaithe chuig dhá lá nó níos mó i ndiaidh a chéile de chúram ospidéil/clinice mar othar cónaitheach.

- Is don fhostóir an cinneadh a dhéanamh maidir le soláthairtí do thinneas criticiúil a bhronnadh. Cé go gcaithfidh an fhostóir aird a thabhairt go príomha ar chomhairle an SSC, ba chóir don fhostóir breathnú ar na cúinsí uile a bhaineann leis an gcás. Maidir leis sin, muna sásaíonn fostaí na critéir sláinte, d'fhéadfadh fhostóir cinneadh a dhéanamh mar sin féin an bronnadh a dhéanamh i gcúinsí eisceachtúla.
- Nuair a bhíonn an discríd á úsáid ag an bhfostóir plé leis seo, caithfear cúiseanna a léiriú faoin bhfáth go bhfuil na soláthairtí do thinneas criticiúil á mbronnadh. Maidir leis sin ba chóir don fhostóir na nithe seo a leanas ach go háirithe a chur san áireamh:-
  - Taifead neamhláithreachtaí tinnis an duine atá i gceist
  - An tionchar a d'eascródh, b'fhéidir, ón bhfilleadh go luath ar an ionad oibre ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht
  - An indéantacht fillleadh ar obair a éascú d'fhostaí a bhfuil breoiteacht nó riocht bainteach le míchumas aige/aici<sup>3</sup>
- Déanfar an bhreith chríochnaitheach ar iarratas an tinnis chriticiúil a eisiúint i scríbhinn go díreach ón bhfostóir go dtí an fostaí.
- Nuair nach mbronnar soláthairtí don tinneas criticiúil, beidh na sonraí a bhaineann leis an bpróiseas achomhairc, mar atá leagtha amach ar Leathanach 9 den lámhleabhar seo, curtha ar fáil mar chuid de litir an chinnidh.

---

<sup>3</sup> Caithfidh fhostóirí, i gcás fostaí le tinneas bainteach le míchumas, gach céim réasúnta a ghlacadh maidir le soláthairtí a chur ar fáil chun fillleadh an fhostaí ar an ionad oibre a éascú le, mar shampla, comhairle an SSC agus riachtanais seirbhíse.



## Achomharc ar Thinneas Criticiúil

Is féidir le fostaí achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh diúltú d'fhóirtheintí an tinnis chriticiúil de réir mar atá sna nósanna imeachta a leanann. Caithfear an Prótacal do Thinneas Criticiúil, mar aon leis an Nós Imeachta faoi Chasaoid don rannán ábhartha, a léamh go hiomlán sula gcuirtear isteach an t-achomharc. Ionas gur féidir achomharc a dhéanamh faoin gcinneadh maidir leis an tinneas criticiúil, caithfidh an fostaí iarratas a chur i scríbhinn faoi bhráid an fhostóra, agus léiriú a thabhairt pé acu an é an cinneadh sláinte nó fostóra atá mar bhunús leis an achomharc, agus é seo a dhéanamh laistigh de 30 lá ón uair a fhaightear an cinneadh bunaidh faoin tinneas criticiúil.

### 1. Achomharc ar chinneadh an fhostóra:

Má bhíonn achomharc á dhéanamh i gcoinne cinneadh an fhostóra caithfear na Nósanna Imeachta faoi Chasaoid don rannán abhartha a leanúint.

### 2. Achomharc ar an gcinneadh sláinte:

Tá roinnt speisialtóirí cláraithe i sláinte ceirde, atá cáilithe i gceart chun folláine sláinte don obair a mheas, roghnaithe agus faomhaithe ag an SSC agus ag príomhoifigeach Leighis na Stáit Seirbhíse chun meicníocht achomhairc a chur ar fáil d'fhostaithe ar mian leo achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh faoin tinneas criticiúil.

- Is féidir le fostaí achomharc a dhéanamh ar aon chinneadh sláinte de réir na nósanna imeachta seo a leanas
- Scríobhann an fostaí chuig an bhfostóir laistigh de 30 lá ón uair a fhaightear an cinneadh bunaidh faoin tinneas criticiúil ag mínú cad iad na cúinsí a bhaineann leis an achomharc.
- Ní féidir an t-achomharc seo a bheith bunaithe ach ar an eolas faoin tinneas a cuireadh ar fáil don SSC in iarratas bunaidh an fhostaí. Ní féidir fianaise nua faoin tinneas a chur ar fáil ag an bpointe seo den phróiseas.
- Ní féidir an t-achomharc ar an gcinneadh sláinte a dhéanamh ach i gcás ábhar tinnis an fhostaí (i gcomhthéacs na gcritéar sláinte don tinneas criticiúil atá leagtha amach ar leathanach 7) agus sa chás nuair a bhíonn sé deimhnithe ag an SSC nach bhfuil folláine sláinte an fhostaí sásúil don obair.
- Déanfaidh an fostóir an t-achomharc a atreorú go dtí an SSC a dhéanfaidh ansin an cás a chur faoi bhráid duine de na speisialtóirí cláraithe neamhspleácha i sláinte ceirde.
- Athbhreithniú comhaid amháin a bheidh i gceist de ghnáth leis an achomharc.
- Is é an costas atá leagtha síos don mheasúnú achomhairc ná €100 agus titfidh an costas seo ar an bhfostaí. Má éiríonn leis an achomharc déanfaidh an SSC costas an mheasúnaithe a aisíoc.
- Caithfidh fostaithe nuair a bhíonn an t-achomharc á dhéanamh acu, ordú poist/dréacht bainc nó seic do chostas iomlán an mheasúnaithe a chur ar aghaidh chuig an bhfostóir agus é íoctha do “Medmark Ltd. – Cuntas Achomhairc CIP”.
- Déanfar toradh an mheasúnaithe ón gcleachtóir sláinte ceirde faofa a chur in iúl don bhfostóir don ghníomhú agus don SSC ionas go mbeidh sé ar an gcomhad.
- Is ag an bhfostóir a bhíonn an cinneadh deiridh maidir leis an achomharc, tar éis aird a thabhairt ar an gcomhairle liachta.

## Socruithe Sealadacha chun Pá Breoiteachta Breisithe a Dheonú in Imthosca Eisceachtúla

Tá socrú sealadach tugtha isteach a thugann rogha bainistíochta d'fhostóirí maidir le pá breoiteachta breisithe a dheonú faoi na socruithe sealadacha do CIP. Bíonn feidhm leis an bpróiseas seo sa chás go mbíonn rochtain ar shaoire bhreoiteachta íoctha ídithe ag fostaí mar thoradh ar thinneas an-tromchúiseach a tharla sna 4 bliana sular tugadh isteach Scéim Saoire Breoiteachta na Seirbhíse Poiblí (PSSLS).

Beidh rochtain ar shaoire bhreoiteachta íoctha i rith an tsocraithe sealadaigh seo fós faoi réir ag na huasteorainneacha CIP a ndéantar foráil dóibh i Scéim Saoire Breoiteachta na Seirbhíse Poiblí (PSSLS).

Ní bhainfear úsáid as an socrú sealadach seo ach amháin in imthosca eisceachtúla agus ní bheifear in ann an rogha bainistíochta seo a fheidhmiú maidir le tinnis a tharla sular tugadh isteach an scéim saoire breoiteachta nua i ndiaidh an 31 Lúnasa 2018. Níl aon riachtanas ann go gcaithfidh an neamhláithreach reatha, a thosaigh an 1 Meán Fómhair 2014 nó ina dhiaidh sin, a bheith bainteach leis an tinneas tromchúiseach.

Chun leas a bhaint as na socruithe sealadacha ní mór don fhostaí iarratas i scríbhinn a dhéanamh chuig a f(h)ostóir ar rochtain a fháil ar na Socruithe Sealadacha maidir leis an Soláthar maidir le Tinneas Criticiúil.

Ar iarratas a fháil, ba cheart don fhostóir fíorú a dhéanamh i dtaobh na nithe seo a leanas:

- go raibh tinneas tromchúiseach deimhnithe ar an bhfostaí a thosaigh idir an 1 Meán Fómhair 2010 agus roimh an 1 Meán Fómhair 2014
- gur thosaigh an tinneas tromchúiseach sa tréimhse seirbhíse 4 bliana sular thosaigh an neamhláithreach reatha
- ba cheart atreorú chuig an OHS a thosú agus an fhoirm atreoraithe iomchuí maidir le tinneas criticiúil a chomhlánú. Ar an atreorú sin a bheidh críochnaithe, gheobhaidh an fostaí **Uimhir Atreoraithe** uathúil maidir le tinneas criticiúil.
- Ba cheart an uimhir thagartha sin a úsáid i gcomhar leis an gcinneadh Bainistíochta chun soláthar maidir le tinneas criticiúil a dheonú.
- Ní mór cóip den atreorú a chur ar fáil don fhostaí.

## **Scor Drochshláinte**

D'fhéadfadh go socródh fostaí iarratas a dhéanamh ar phinsean scor le sochar i ngeall ar dhrochshláinte mar thoradh ar fhorbairt reachta drochshláinte agus é/í den tuairim go bhfuil sé/sí ar éagumas buan agus gur dócha go leanfaidh an éiglíocht go buan.

Tá cur síos ar an bpróiseas sna doiciméid seo a leanas *eolas IHR – Nósanna Imeachta do Scor Drochshláinte - Múinteoirí / eolas IHR – Nósanna Imeachta do Scor Drochshláinte – Baill don Fhoireann Neamhtheagaisc* atá ar fáil ar [www.education.ie](http://www.education.ie) – Baile – Foireann Oideachais – Seirbhísí – Scor/Pinsin – Foireann Teagaisc/Foireann Neamhtheagaisc – Scor Drochshláinte.

## **Cinneadh faoin Scor Drochshláinte**

Is féidir leis an bhfostóir achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh diúltú don iarratas ar phinsean scor le sochar i ngeall ar dhrochshláinte de réir na nósanna imeachta a bhfuil cur síos orthu sna doiciméid seo a leanas *eolas IHR – Nósanna Imeachta do Scor Drochshláinte - Múinteoirí / eolas IHR – Nósanna Imeachta do Scor Drochshláinte – Baill don Fhoireann Neamhtheagaisc* atá ar fáil ar [www.education.ie](http://www.education.ie) – Baile – Foireann Oideachais – Seirbhísí – Scor/Pinsin – Foireann Teagaisc/Foireann Neamhtheagaisc – Scor Drochshláinte.

Ní chuireann toradh an phróisis achomhairc as do na cearta dlí ag ball maidir le Réiteach Imheánach ar Dhíospóidí (RID/IDR) nó ag Oifig Fhir an Phobail um Pinsin.

## Ceisteanna Coitianta faoin Atreorú – Atreorú Sláinte Ceirde

### Eolas maidir le do Scrúdú Dochtúra

Seans go n-iarrfar ort freastal ar Mheasúnú Sláinte Ceirde agus d'fhéadfadh go mbeadh roinnt ceisteanna agat faoi seo. Freagraíonn an réamheolas seo roinnt de na ceisteanna is coitianta. Má tá aon cheisteanna eile agat, tá fáilte romhat teagmháil a dhéanamh le duine d'Fhoireann Medmark ar 1890 235711.

### Cén fáth go ndearnadh mé a atreorú chuig an SSC?

Rinne d'fhostóir do chomhad a atreorú chuig an SSC ar mhaithe le hathbheithníú neamhspleách a fháil ar do shláinte i gcomhthéacs do chuid oibre.

### An mbeidh orm mé féin a chur ar fáil do mheasúnú?

Ní bheidh i ngach cás. Déanfaidh an SSC cinneadh maidir le hoiriúnacht do mheasúnú sláinte.

### Má iarrtar orm freastal do mheasúnú, cé ar a ndéanfaidh mé freastal?

Freastalóidh tú ar Chleachtóir Sláinte Ceirde – a bhfuil obair, sláinte, cumas agus míchumas, mar aon le haon chúinsí ina guireann obair agus sláinte as dá chéile, mar réimse spéise aige/aici.

### Cad atá i gceist le Measúnú Sláinte Ceirde?

Is dócha go mbeidh nóta atreoraithe curtha ag an bhfostóir go dtí an Cleachtóir Sláinte Ceirde ag iarraidh air/uirthi breathnú ar roinnt gnóthaí bainteach le do shláinte agus le d'fholláine don obair. Tosóidh an Cleachtóir Sláinte Ceirde an measúnú trí phlé a dhéanamh ar do ról ar scoil agus ar do stair gairme agus ansin rachaidh sé/sí ar aghaidh chun measúnú a dhéanamh ar an gcúis go ndearnadh tú a atreorú, bunús na ngearán sláinte atá agat agus an neamhláithreachacht oibre a bhaineann leis sin. Nuair a bhíonn an glacadh ar an gcúlra stairiúil ag teacht chun deiridh seans go ndéanfaidh an Cleachtóir Sláinte Ceirde, má bhíonn a leithéid oiriúnach, scrúdú fisiciúil.

### Cad mar gheall ar an rúndacht a bhaineann le stair mo shláinte?

Beidh aon rud a tharlaíonn sa mheasúnú faoi rún iomlán, idir tusa agus do Chleachtóir Sláinte Ceirde. Is féidir leat aon rud gur mian leat a insint don Chleachtóir Sláinte Ceirde le linn an mheasúnaithe agus is féidir a dheimhniú nach gcuirfead aon rud in iúl d'aon duine eile gan do chead. Sa tuairisc don fhostóir ní dhéanfaidh an SSC eolas pearsanta ná rúnda a nochtadh. Cuireann an SSC tuairim ar fáil, áfach, mar aon le sonraí ábhartha ar a n-áirítear oiriúnacht sláinte don obair mar aon leis na srianta agus na socruithe a bheidh riachtanach san ionad oibre.

### Cad a chaithfidh mé a thabhairt liom go dtí an measúnú sláinte?

Tabhair leat aon chógas atá á thógaint agat, na sonraí ó do dhochtúir agus ó aon Speisialtóir ospidéal, cóipeanna d'aon litreacha a scríobh an Speisialtóir go dtí do dhochtúir, má tá siad agat.

### Cén leagan amach a bheidh ar an tuairisc?

Déanfaidh an Cleachtóir Sláinte Ceirde tuairisc a scríobh chuig d'fhostóir ina gclúdófar moltaí maidir le d'fholláine don obair mar aon leis an scála ama is dócha a bheidh i gceist maidir le tú a bheith ag filleadh ar an obair agus aon leasuithe/srianta a bheidh riachtanach. Cuideoidh sé seo le d'fhostóir tuiscint a bheith aige/aici faoin tslí le freastal ar do riachtanais san ionad oibre.

### An mbeidh cead agam cóip den tuairisc a bheith agam?

Is féidir leat cóip a éileamh ó d'fhostóir nó is féidir leat cóip den tuairisc a éileamh trí iarratas a chur i scríbhinn go Medmark, agus tagairt a dhéanamh don Acht um Chosaint Sonraí.

### An féidir liom duine éigin a thógaint in éineacht liom?

Is féidir, beidh fáilte romhat cara nó duine gaolmhar a thabhairt leat más mian leat.